Oilithreacht Thaisí Naomh

# Bernadette

Éire 2024

A Mhuire Lourdes, neartaigh ár gcreideamh!

Oscail ár gcluasa le briathar Dé a chloisteáil agus le glaoch Dé a aithint.

Dúisigh ionainn mian chun lorg Dé a leanúint.

Go dté a ghrá i bhfeidhm orainn, sa chaoi is go ngabhfaidh muid i bhfeidhm air-san trí bhrí na guibhe.

Cabhraigh linn muid féin a chur go hiomlán faoi chúram Dé agus géilleadh dá ghrá, go háirithe ag amanna dóláis agus tinnis.

Cuir i gcuimhne dúinn féin nach mbíonn na daoine a chreideann ariamh ina n-aonar.

Múin dúinn conas gach rud a fheiceáil trí shúil Íosa le go mbeidh sé mar sholas ar ár gcosán.

Guímid an phaidir seo trí do mhac Íosa Críost, ár dTiarna.

Muire Lourdes, guigh orainn.

Naomh Bernadette, guigh orainn.